An Roinn Oideachais
Department of Education

# Treoir Nuashonraithe ar Leanúnachas Scolaíochta: Ag tacú le daltaí atá i mbaol míbhuntáiste oideachasúil

## Do bhunscoileanna

Eanáir 2021

## Réamhrá

Cuireann an treoir seo ón Roinn Oideachais (RO) comhairle ar fáil faoin tslí inar féidir le scoileanna agus múinteoirí tacú le leanúnachas na foghlama do dhaltaí atá i mbaol míbhuntáiste oideachasúil le linn dúnadh scoileanna bainteach le COVID-19.[1]

D'fhéadfadh daltaí i raon suíomhanna oideachais bheith i mbaol míbhuntáiste oideachais. I measc na gcomhthéacsanna baoil tá míbhuntáiste socheacnamaíoch, an lucht siúil nó baill de na pobail Roma agus inimirceacha, nó socruithe cónaithe lena n-áirítear iad siúd gan dídean nó a bhfuil cónaí orthu in ionad soláthar díreach. Áirítear sa treoir seo raon tacaíochtaí agus acmhainní atá ar fáil ag scoileanna agus ag suíomhanna oideachais eile chun cuidiú le riachtanais dhaltaí atá i mbaol míbhuntáiste oideachasúil. Áirítear raon ó fhoirne cúraim agus foirne bainistíochta inscoile chuig seirbhísí ó Sheirbhís Tacaíochta Oideachais Tusla (STOT) agus gníomhaireachtaí eile. Ina theannta sin, tá acmhainní breise ag scoileanna DEIS chun cuidiú leo tacú le foghlaimeoirí dá leithéid.

Tógann an treoir ar na príomhtheachtaireachtaí i raon ábhar treorach a eisíodh chuig scoileanna agus lárionaid oideachais de réir mar a foilsíodh iad (Aguisín 1) agus atá ar fáil ag gov.ie. Tá treoir shonrach foilsithe ag an Roinn chun tacú le scoileanna maidir leis an gcianteagasc agus cianfhoghlama i gcomhthéacs Covid-19.

- *Treoir maidir le Cianfhoghlaim i gComhthéacs COVID-19: Meán Fómhair – Nollaig 2020*; https://www.gov.ie/ga/foilsiuchan/ar-mbunscoileanna-agus-ar-scoileanna-speisialta-a-athoscailt/#treoirlinte-agus-nosanna-imeachta-breise (An Roinn Oideachais, Deireadh Fómhair 2020*)*

Tá litir chiorcláin 0074/2020 na Roinne Oideachais mar chomhlánú do seo ó thaobh bunú na nArdán Cumarsáide Digití, Teagaisc agus Foghlama a bhunú: https://www.education.ie/ga/Ciorcl%C3%A1in-agus-Foirmeacha/Ciorcl%C3%A1in-Gn%C3%ADomhacha/cl0074_2020_ir.pdf

Tá sé thar a bheith tábhachtach go mbeadh scolaíocht rialta, leanúnach ag daltaí atá i mbaol míbhuntáiste oideachasúil. Cé go gcaithfear tacaíocht a thabhairt do gach dalta chun a ngafacht leis an bhfoghlaim a choinneáil, bíonn gá ag foghlaimeoirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachais le níos mó tacaíochta ag an am seo. Ó Mhárta 2020, tá raon straitéisí agus beart tugtha isteach ag go leor scoileanna lena dheimhniú go bhfreastalaítear ar riachtanais na ndaltaí seo, daltaí a bhfuil rochtain theoranta acu ar theicneolaíocht nó nach bhfuil ar chumas a dtuismitheoirí tacú lena bhfoghlaim san áireamh. Tá samplaí de na straitéisí sin sa nóta treorach seo. Gabhann an Roinn buíochas le scoileanna agus múinteoirí a bhí rannpháirteach ina gcleachtas a roinnt. Tá

---

[1] Déanfar an doiciméad seo a uasdátú de réir mar is gá chun na cúinsí todhchaí a d'fhéadfadh a bheith i gceist maidir le dúnadh scoileanna a chur san áireamh.

an Roinn faoi chomaoin freisin ag raon leathan páirtithe leasmhara agus don chomhairle a cuireadh ar fáil nuair a bhí an treoir á ullmhú.

## Príomhthéamaí na treorach seo

- Múinteoirí agus ceannairí scoile ag obair chun tacú le daltaí atá i mbaol míbhuntáiste oideachasúil
- Tréithe an tsoláthair don teagasc agus foghlaim go cianda
- Ról múinteoirí maidir le bheith gafa le daltaí sa bhfoghlaim
- Teagmháil a choinneáil le tuismitheoirí agus caomhnóirí
- Fanacht slán i dtimpeallacht na cianfhoghlama
- Acmhainní do mhúinteoirí

## Múinteoirí agus ceannairí scoile ag obair chun tacú le daltaí atá i mbaol míbhuntáiste oideachasúil

Sa chomhthéacs reatha, mar thoradh ar shrianta sláinte poiblí, ní mór do scoileanna agus do mhúinteoirí dearcadh eile a bheith acu i leith an teagaisc agus na foghlama. Tá athrú mór tagtha ar ghnáthaimh agus ar mheicníochtaí tacaíochta daltaí agus, i gcásanna áirithe, d’fhéadfadh na cúinsí baile dúshláin a chruthú do leanúnachas foghlama daltaí. Is cóir do scoileanna na cúinsí a chur san áireamh, a mhéid agus is féidir, nuair a bhíonn pleananna oibre á n-ullmhú.

Tá príomhról ag baill de phobal na scoile chun leanúnachas foghlama a dheimhniú do gach foghlaimeoir, go háirithe d’fhoghlaimeoirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachasúil:

- Is cóir do bhoird bainistíochta oibriú lena dheimhniú go gcuireann an scoil leanúnachas scolaíochta ar fáil do gach dalta agus go bhfuil na céimeanna is gá glactha ag ceannairí scoile chun daltaí a aithint a bhfuil baol ann nach ndéanfaidh siad dul chun cinn san oideachas
- Is cóir do bhoird tacú freisin leis na foirne bainistíochta scoile le dul i mbun oibre chun na daltaí seo a bheith gafa trí na hacmhainní atá ar fáil sa scoil a úsáid agus monatóireacht a dhéanamh ar straitéisí agus idirbhearta cuí
- Is cóir don fhoireann bainistíochta scoile, comhdhéanta den phríomhoide agus dóibh siúd i róil bhainistíochta nó chomhordaithe:
    - Maoirsiú a choinneáil ar leanúnachas na foghlama do gach dalta trí bheith gafa go rialta leis na múinteoirí
    - A dheimhniú go mbíonn acmhainní na scoile dírithe orthu siúd is mó a bhfuil gá acu trí na struchtúir chúraim agus bhainistíochta atá ann cheana

- Cur chuige dearfach réiteach-dírithe a chothú a chuideoidh le gach dalta rath, foghlaim agus dul chun cinn a bheith acu ina n-oideachas
- Úsáid a bhaint as gach eolas atá ar fáil chun dul i dtreo aon éagothroime eile a íoslaghdú ina measc siúd atá i mbaol míbhuntáiste oideachasúil
- Leas a bhaint as eolas faoi leibhéil ghafachta daltaí ó gan aon ghafacht, go roinnt gafachta go lán-ghafacht mar bhonn aitheantais agus pleanála do straitéisí le daltaí a bheith páirteach arís.

Is cóir do scoileanna úsáid a bhaint as na tacaíochtaí uile atá ar fáil, sa scoil agus sa phobal araon, le bheith gafa le daltaí.

Go príomha ina measc sin beidh na tacaíochtaí ag Seirbhís Tacaíochta Oideachais Tusla (STOT). Áirítear leo sin na tacaíochtaí ón Scéim Teagmhála Baile Scoile agus Pobail (TBSP) agus an Clár Críochnaithe Scolaíochta (CCS) (i scoileanna ina bhfuil a leithéid); agus freisin seirbhís reachtúil na nOifigeach Leasa Oideachais (OLO). Tá OLO ar fáil ar fud na tíre agus bíonn ról ríthábhachtach acu ina dteagmháil le scoileanna chun tacú le leas oideachais daltaí.

I gcásanna áirithe, b'fhéidir nach mbeidh daltaí tar éis freagairt d'iarrachtaí na scoile a bheith i dteagmháil leo. Ina leithéid de chásanna, is cóir do scoileanna a aithint agus a aontú cén duine ar fhoireann na scoile is oiriúnaí chun teagmháil a dhéanamh le tuismitheoirí agus caomhnóirí ar mhaithe le teagmháil, ina dhiaidh sin, leis an dalta. A luaithe agus a bhíonn teagmháil déanta, beidh minicíocht na teagmhála ag brath ar riachtanais aitheanta na ndaltaí atá i gceist; i gcásanna áirithe, mar shampla, is go laethúil a tharlóidh a leithéid. Is cóir don teagmháil a bheith tacúil, áfach, agus dearbhú a thabhairt d'iarrachtaí na ndaltaí go dtí seo.

I bhfórmhór na gcásanna, tá scoileanna tar éis plé go rathúil le leanúnachas foghlama daltaí, ina measc iad siúd atá i mbaol míbhuntáiste oideachasúil. Tá dúshláin ar leith ag líon beag scoileanna, áfach, roinnt de na daltaí seo a bheith rannpháirteach. Sna cúinsí seo, agus nuair a bhíonn triail bainte ag an scoil as gach bealach eile chun teagmháil a dhéanamh leis an dalta, is cóir don scoil dul i dteagmháil le hOifigigh Leasa Oideachais STOT a chuideoidh le teagmháil a dhéanamh leis an dalta.

Sna seachtainí atá le teacht, glacfaidh foireann TESS páirt i bpróiseas teagmhála le gach príomhoide scoile sna suíomhanna DEIS agus neamh-DEIS go léir. Déanfaidh oifigigh leasa oideachais (OLO), comhordaitheoirí an Chláir Críochnaithe Scoile (CCS) agus oifigigh Teagmhála Baile, Scoile agus an Phobail (TBSP) teagmháil dhíreach freisin le gach cás oscailte, scoláirí atá mar sprioc acu agus tuismitheoirí faoi seach.

Oibreoidh TESS i gcomhpháirt le scoileanna, teaghlaigh agus seirbhísí ábhartha eile chun tacú le leanaí atá faoi mhíbhuntáiste oideachais. Déanfaidh TESS teagmháil le

príomhoidí scoile go léir agus déanfaidh na OLO teagmháil go díreach leis na sprioc-dhaltaí, le comhordaitheoirí CCL agus le TBSP.

Leanfaidh OLO i dteagmháil go leanúnach leis na daltaí go léir atá ar a riar cásanna, i scoileanna DEIS agus neamh-DEIS araon, ina mbeidh cur chuige dírithe ar leas, obair i gcomhpháirt le scoileanna agus gníomhaireachtaí eile in úsáid chun freastal ar riachtanais na leanaí agus na ndaoine óga atá i gceist. Mar aon le tacaíocht a sholáthar do gach dalta /teaghlach i gcásanna oscailte, beidh OLO i dteagmháil go leanúnach le príomhoidí scoile ina gceantair agus beidh siad i dteagmháil leis na hIonaid Chóiríochta do leanaí agus leis na moil dóibh siúd gan dídean lena dheimhniú go mbíonn na daltaí i dteagmháil lena scoileanna.

Oibreoidh comhordaitheoirí TBSP le príomhoidí scoile chun na teaghlaigh agus na daltaí sin is mó a bhfuil gá acu le tacaíocht agus cúnamh a aithint agus béilí scoile, acmhainní foghlama agus ábhair a sholáthar mar aon le nasc tacúil a choinneáil idir an scoil agus na teaghlaigh sin. Sa tslí chéanna, leanfaidh an CCS ag obair go dlúth le príomhoidí scoile agus le comhordaitheoirí TBSP chun cuidiú le tacaíochtaí a sholáthar do theaghlaigh. Leanfaidh siad freisin ag soláthar tacaíochta duine le duine do dhaltaí atá ar a sprioc-liostaí daltaí leochaileacha agus atá ag freastal ar scoil nó imithe ón scoil. Tá foireann an CCS ar fáil chun teagmháil a dhéanamh le daltaí má bhíonn príomhoidí tar éis a aithint go bhfuil gá le hidirghabháil chun na daltaí a choinneáil rannpháirteach san oideachas.

Cuideoidh foireann STOT (OLO, TBSP agus nó CCL) le teaghlaigh a threorú chuig seirbhísí eile má mheasann príomhoidí scoile go bhfuil gá le tacaíochtaí breise.

## Gnéithe den soláthar don chianteagasc agus don chianfhoghlaim

Éilíonn treoir na Roinne Oideachais[2] don chianteagasc agus don chianfhoghlaim iad seo a bheith idir lámha ag scoileanna:

- **Teagmháil go rialta le daltaí:** Tá sé tábhachtach go mbíonn múinteoirí i dteagmháil lena ndaltaí; i suíomh bunscoile ba chóir go dtarlódh sé seo go laethúil, go hidéalach.
- **Cumasc de thascanna/eispéiris foghlama treoraithe agus neamhspleácha:** Ba chóir go mbeadh teagasc go díreach ón múinteoir mar aon le tascanna foghlama neamhspleácha a thugtar do dhaltaí i gceist sa teagmháil idir mhúinteoirí agus daltaí.

[2] An Roinn Oideachais (2020). Litir Chiorcláin 0074/2020 Ardáin Cumarsáide, Teagaisc agus Foghlama: Ar fáil ó https://www.education.ie/ga/Circulars-and-Forms/Active-Circulars/cl0074_2020.pdf

- **Deiseanna foghlama cuí agus spreagúla:** Ba chóir do mhúinteoirí a dheimhniú go dtugann na tascanna foghlama a roghnaítear deis do dhaltaí a bhfuil foghlamtha acu a léiriú ar bhealach soiléir beacht.
- **Tascanna foghlama:** Ba cheart na tascanna a roghnaítear a ailíniú go sonrach le riachtanais an dalta, lena n-áirítear daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais (RSO) acu, agus ba cheart go gcuirfidís ar chumas an mhúinteora monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn agus aiseolas cuiditheach, forbartha a thabhairt chun tacú leis na chéad chéimeanna eile dá gcuid foghlama.
- **Aiseolas déthreo idir an baile agus an scoil:** Ba chóir do scoileanna a dheimhniú go spreagtar agus go dtacaítear le haiseolas déthreo idir múinteoirí agus tuismitheoirí/caomhnóirí agus idir múinteoirí agus a ndaltaí. Ba chóir do scoileanna deiseanna indéanta agus inrochtana a sholáthar do gach dalta chun samplaí dá gcuid oibre a roinnt go rialta leis na múinteoirí gach seachtain. Ba chóir do mhúinteoirí a dheimhniú go gceartaítear an obair a fhaightear agus go dtugtar aiseolas ábhartha.

Ba chóir do scoileanna agus do mhúinteoirí a neamhspleáchas agus a lánrogha gairmiúil a úsáid lena dheimhniú go gcuirtear eispéiris teagaisc agus foghlama den chaighdeán is airde ar fáil. B'fhéidir go gciallóidh sé seo go dtugtar deiseanna do dhaltaí foghlaim trí chumasc gníomhaíochtaí ar líne agus as líne a úsáid.

Tacóidh soláthar an chianteagaisc le foghlaim agus forbairt daltaí agus lena mothú folláine i gcoitinne. Le linn tréimhse dúnadh na scoileanna in 2020, d'úsáid scoileanna roinnt de na straitéisí seo a leanas chun teagmháil a dhéanamh le daltaí atá i mbaol míbhuntáiste oideachais agus lena dtuismitheoirí agus a gcaomhnóirí:

- Teagmháil laethúil idir an scoil agus na daltaí
- Na struchtúir tacaíochta agus chúraim do dhaltaí atá ann cheana a úsáid chun na constaic a aithint do na daltaí sin is mó atá i mbaol míbhuntáiste oideachasúil
- Teagmháil le tuismitheoirí, caomhnóirí agus daltaí chun a chur in iúl dóibh conas teagmháil a dhéanamh le príomhbhaill foirne
- A dheimhniú do dhaltaí go bpléifear go dearfach le haon teagmháil uathu agus go gcuirfear tacaíocht ar fáil dóibh
- Daltaí a mholadh go minic as a bheith i dteagmháil leis an scoil agus leanúint le haon dreasachtaí a bhí i bhfeidhm
- Tosaíocht a thabhairt do dhaltaí bunaithe ar shamhail an chontanaim tacaíochta ina ndéantar tacaíochtaí a chatagóiriú ar fáil **do chách**, **do roinnt** agus **do bheagán**.

**Mar aon leis sin, ba chóir do scoileanna sa chlár DEIS:**

- Leas a bhaint as na caidrimh atá bunaithe cheana féin ag Comhordaitheoirí TBSP agus ag pearsana an Chláir Críochnaithe Scoile (CCS) le daltaí agus teaghlaigh
- Leanúint le hidirbhearta CCS, ina measc meantóireacht do dhaltaí, más féidir agus más praiticiúil, nó idirbhearta a oiriúnú a raibh daltaí ag baint úsáid astu sular dúnadh na scoileanna
- Teagmháil a bheith acu le pearsana TESS chun leanúint leis an ghafacht réamhghníomhach le gach dalta atá i mbaol agus lena dteaghlach i rith na dtréimhsí dúshlánacha seo.

*Seo roinnt beart atá curtha i bhfeidhm ag scoileanna chun cuidiú le daltaí atá i mbaol míbhuntáiste oideachasúil:*

- *Soláthar a dhéanamh don chianteagasc agus don chianfhoghlaim go laethúil*
- *A dheimhniú go mbíonn daltaí le Riachtanais Speisialta Oideachais i dteagmháil lena MOS go rialta*
- *Pacáistí eolais a sheoladh sa phost chuig daltaí a bhfuil deacrachtaí acu teagmháil a dhéanamh go cianda*
- *Glaoch a chur amach chuig na seirbhísí pobail ag an leibhéal áitiúil do ghléasanna digiteacha breise go mb'fhéidir nach bhfuil gá leo agus gur féidir iad a athdháileadh*
- *Gléasanna digiteacha scoile a thabhairt ar iasacht do dhaltaí*
- *Le cead ó thuismitheoirí/caomhnóirí, úsáid a bhaint as Aipeanna a chuireann ar chumas daltaí cianteagasc nó ceachtanna físe ar fhóin phóca agus ar ghléasanna digiteacha eile a rochtain*
- *A bheith i dteagmháil le daltaí le fáil amach cad atá ag obair go maith dóibh*
- *Cumarsáid a chur go tuismitheoirí agus caomhnóirí an dalta ar ríomhphost, ag tabhairt cuireadh dóibh a leanbh a spreagadh le seiceáil isteach leis an scoil*
- *Teagmháil a dhéanamh le grúpaí pobail agus óige go háitiúil chun tacaíocht a sholáthar do roinnt daltaí sa phobal*
- *Boird agus cathaoireacha a chur ar fáil do dhaltaí, más féidir agus más indéanta, don obair scoile sa bhaile*

## Ról múinteoirí maidir le bheith gafa le daltaí sa bhfoghlaim

Tá sé i gceist gur bunscoileanna a úsáidfidh formhór na straitéisí atá sa treoir seo. D'fhéadfadh a lán acu a bheith oiriúnach freisin do shuíomhanna eile ina bhfuil fáil ar leanaí bunscoile, lena n-áirítear Fáiltiú agus Díriú Rannóg na hÉigeandála (EROC) agus, i gcásanna áirithe, scoileanna atá ceangailte le hAonaid Chúraim Speisialta (ACS) nó leis na Seirbhísí Meabhairshláinte do Leanaí agus d'Ógánaigh (CAMHS). Cuirfidh múinteoirí san áireamh, ag leibhéil ranga éagsúla, aoiseanna agus leibhéil chumais a ndaltaí nuair a bhíonn cláir foghlama á dhearadh acu. Mar shampla, is cóir do mhúinteoirí na leanaí níos óige iad a ghríosadh a mhéid agus is féidir chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí súgartha struchtúrtha agus neamhstruchtúrtha sa timpeallacht baile. Is cóir do mhúinteoirí na leanaí níos sine iad a ghríosadh ar an

mbealach céanna ach is cóir díriú freisin ar a scileanna litearthachta agus uimhearthachta a fhorbairt mar atá leagtha amach níos faide ar aghaidh sa treoir seo.

## Seo roinnt straitéisí ar féidir le múinteoirí iad a úsáid chun tacú le foghlaim daltaí:

- Cuir chuige a oiriúnú lena dheimhniú nach gcuirtear srian ar chumas daltaí a bheith páirteach sa bhfoghlaim toisc nach féidir leo acmhainní digiteacha a rochtain
- Teagmháil go laethúil leis na daltaí is mó atá i mbaol míbhuntáiste oideachasúil mar cuireann an teagmháil seo le mothú folláine daltaí agus bíonn sí mar phríomhchumasóir don fhoghlaim
- Tascanna a chruthú inar féidir le gach dalta rath áirithe a bheith ar a gcuid oibre
- An obair a scafláil agus í a bheith i gcodanna inláimhsithe ionas go ndéantar na rátaí críochnaithe a uasmhéadú agus nach mbíonn an tasc iomarcach do dhaltaí
- Féachaint cé na réimsí spéise atá ag daltaí aonair ionas gur féidir tascanna dalta-lárnach a chruthú dá réir
- Rogha gníomhaíochtaí a thabhairt do dhaltaí agus cuireadh a thabhairt dóibh a gcuid oibre a chur i láthair ar bhealach solúbtha
- Cur chuige solúbtha a bheith ag baint le dearadh gníomhaíochtaí, ionas gur féidir leis an bhfoghlaim tarlú ag baint úsáid as timpeallachtaí fisiceacha na ndaltaí féin
- Cuireadh a thabhairt do dhaltaí obair a chur isteach ar thasc oscailte a roghnaíonn an dalta do/di féin

*Mar aon leis na straitéisí atá luaite thuas, seo roinnt bealaí praiticiúla a bhfuil leas bainte ag múinteoirí astu le bheith gafa le daltaí:*

- *Obair agus ábhair a chur sa phost chuig daltaí nach féidir leo a bheith gafa go digiteach*
- *Físeáin/closthaifead de cheachtanna agus ábhair fhoghlama a chrochadh ar láithreán gréasáin na scoile ionas gur féidir leis na daltaí na hacmhainní seo a rochtain ag an am is fearr a oireann dóibh siúd*
- *Oidis shimplí, le gnáth-chomhábhair a bhíonn in úsáid go laethúil, a chumadh agus iad a chrochadh ar láithreán gréasáin na scoile, le léiriú físe*
- *Láithreán gréasáin na scoile a úsáid chun dúshlán STEM a phostáil a bheidh daltaí ábalta a dhéanamh le gnáthábhair laethúla*
- *Léiriú físiúil ar ghnáthaimh do chleachtaí laethúla a chrochadh ar féidir le daltaí iad a dhéanamh sa bhaile.*
- *Córais a eagrú ionas gur féidir le grúpaí foghlaimeoirí obair le chéile, ar an bhfón nó ar an idirlíon*

### Díriú ar scileanna litearthachta agus uimhearthachta daltaí

Agus leanúnachas foghlama á dheimhniú do dhaltaí atá i mbaol míbhuntáiste oideachasúil, tá sé tábhachtach go leanann scoileanna ag soláthar deiseanna do na

daltaí sin chun a scileanna litearthachta agus uimhearthachta a fhorbairt. Maidir leis sin, is féidir le scoileanna leanúint ag baint leas as seirbhísí na bpearsana tacaíochta sa tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM) agus sa Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS) mar aon freisin le tacaíocht síceolaithe ón tSeirbhís Náisiúnta Síceolaithe Oideachais (SNSO). Tá sonraí teagmhála dóibh seo, agus d'eagraíochtaí eile, ar fáil sna haguisíní.

*Seo roinnt beart ar féidir le scoileanna a chur i bhfeidhm chun scileanna litearthachta a fhorbairt:*

- *Socruithe a dhéanamh do dhaltaí chun gearrscéal a scríobh ag baint úsáid as líon beag focal randamach*
- *Cuireadh a thabhairt do dhaltaí léirmheas ar leabhar nó ar scannán a chur isteach agus duais a bhronnadh*
- *Tairiscint a dhéanamh chun leabhair ó leabharlann na scoile a thabhairt ar iasacht*
- *Téacsanna tacúla a chur chuig tuismitheoirí agus caomhnóirí ag tréimhsí cuí le meabhrú dóibh léamh lena leanbh nó a leanbh a mhealladh le léamh agus téacsanna comhghairdis a chur chucu nuair a bhíonn tascanna déanta*
- *Tuismitheoirí, caomhnóirí agus daltaí a spreagadh chun ballraíocht a bheith acu i Leabharlanna Éireann (féach Aguisín 2 do na sonraí)*
- *Daltaí BTB a bhaineann leis an ngrúpa teanga céanna a chur ag obair le chéile ar thascanna agus daltaí BTB le teangacha éagsúla a chur ag teagasc focal nua óna dteanga baile féin dá chéile gach lá*
- *Iarradh ar dhaltaí BTB féachaint ar an nuacht ina dteanga féin agus achoimre a chur ar fáil i mBéarla.*

*Seo roinnt beart atá i bhfeidhm ag scoileanna chun scileanna uimhearthachta a fhorbairt:*

- *Sna hábhair ina mbíonn príomhról ag an uimhearthacht, déanann múinteoirí:*
    - *Ceisteanna a chlúdach ina mbíonn gné de réiteach fadhbanna sna tascanna nó san obair a thugtar*
    - *Ceisteanna a chlúdach a chruthaíonn an deis bealaí éagsúla a úsáid le plé le fadhbanna agus na réitigh a bhíonn acu a léiriú*
    - *Obair a dháileadh ina mbíonn gá ag na daltaí conclúid a bheith acu agus a gcuid réasúnaíochta a mhíniú*
- *"Fadhbanna na Seachtaine" don Uimhearthacht a chrochadh ar láithreán gréasáin na scoile do na rangleibhéil éagsúla agus duaiseanna a bhronnadh*
- *Téacsanna a chur chuig tuismitheoirí agus caomhnóirí go minic le cur i gcuimhne dóibh a leanbh a spreagadh le bheith gafa le hacmhainní uimhearthachta ar Scoilnet.*

## Teagmháil a choinneáil le tuismitheoirí agus caomhnóirí

Is cóir do scoileanna leanúint ag plé go héifeachtach agus go leanúnach le tuismitheoirí agus caomhnóirí mar bhealach le tacú leo agus iad ag tacú lena leanaí. Moltar do scoileanna a dheimhniú:

- Go mbíonn córais éifeachtacha i bhfeidhm chun na tuismitheoirí agus na caomhnóirí is mó a bhfuil gá acu le tacaíocht a aithint
- Go mbíonn cumarsáid go minic ón scoil, go laethúil nuair is gá, a bhíonn soiléir agus scríofa i dteanga intuigthe
- Go gcuirtear uimhreacha teagmhála nó ríomhphoist ar fáil do thuismitheoirí agus do chaomhnóirí chun cuidiú leo dul i dteagmháil leis an scoil.
- Go ndéantar iarrachtaí nasc a bhunú le gníomhaireachtaí tacaíochta sa phobal áitiúil lena n-áirítear Seirbhísí Óige chun cuidiú aistriúchán a chur ar fáil ar an gcumarsáid le tuismitheoirí agus caomhnóirí leanaí a bhfuil riachtanais BTB acu
- Go ndéantar aiseolas a éileamh ó thuismitheoirí agus ó chaomhnóirí faoi rudaí a bhfuil ag éirí go maith leo agus faoi mholtaí don fheabhsúchán
- Go ndéantar eolas ginearálta a nuashonrú ar láithreán gréasáin na scoile

*Seo a leanas roinnt straitéisí praiticiúla atá curtha i bhfeidhm ag scoileanna chun cumarsáidí éifeachtacha a dheimhniú idir an scoil agus tuismitheoirí agus caomhnóirí na bhfoghlaimeoirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachasúil:*

- ➢ *Na gnáthchórais chumarsáide a úsáid trí láithreán gréasáin na scoile, téacs, ríomhphost, Aladdin Connect*
- ➢ *Nuachtlitir ar leith a fhoilsiú do thuismitheoirí agus do chaomhnóirí chun comhairle agus nuashonrú a thabhairt ar an tslí ina bhfuil leanúnachas foghlama á sholáthar ag an scoil*
- ➢ *Alt sa nuachtán pobail áitiúil le cur síos ar an tslí ina bhfuil an scoil ag tacú le daltaí agus sonraí teagmhála tugtha le tuismitheoirí agus caomhnóirí a ghríosadh le dul i dteagmháil*
- ➢ *Agallamh a dhéanamh ar an raidió áitiúil chun a léiriú go bhfuil tacaíocht ar fáil agus chun tuismitheoirí agus caomhnóirí a spreagadh le teagmháil a dhéanamh leis an scoil*
- ➢ *Ardán cumarsáide do thuismitheoirí agus do chaomhnóirí a fhorbairt ar na meáin shóisialta*
- ➢ *Nasc a sholáthar, i dteangacha éagsúla, chuig comhairle Covid-19 ar láithreán gréasáin na scoile*
- ➢ *Teacht i gcabhair ar thuismitheoirí agus caomhnóirí BTB chun cuidiú leo aon chumarsáidí scoile a thuiscint.*

Tá ról an mhúinteora TBSP i scoileanna DEIS maidir le bheith i dteagmháil le tuismitheoirí agus caomhnóirí daltaí atá i mbaol míbhuntáiste oideachais ríthábhachtach. Ba cheart don TBSP a fháil amach conas atá tuismitheoirí agus caomhnóirí agus a leanaí ag dul i dtaithí ar an gcianfhoghlaim/ foghlaim chumaisc agus comhairle a chur ar thuismitheoirí agus ar chaomhnóirí faoin tslí is fearr le tacú lena leanbh. Tá tábhacht thar na bearta ag baint le glaonna teileafóin rialta agus teagmháil leis an TBSP.

Ba chóir do scoileanna leanúint ag baint úsáid as na cláir atá acu cheana féin chun tacú le haistrithe atá le tarlú chuig iar-bhunscoileanna. Má tharlaíonn go bhfuil seirbhísí CCS ag scoileanna, ba chóir leas a bhaint as seo chun tacú le daltaí aitheanta a bhféadfadh tacaíocht bhreise a bheith de dhíth orthu. Tá sé an-tábhachtach go ndéantar teagmháil le tuismitheoirí agus caomhnóirí agus daltaí lena dheimhniú dóibh go mbeidh an oiread tacaíochta agus faisnéise agus is féidir ar fáil dóibh don chéad chéim eile den oideachas. Cuideoidh sé seo imní a laghdú i measc daltaí agus tuismitheoirí agus caomhnóirí. Ba chóir do scoileanna a bheith i dteagmháil le OLOnna má tharlaíonn nár tairgeadh áit do dhaltaí in iar-bhunscoil do Mheán Fómhair 2021.


## Ag fanacht slán i dtimpeallacht na cianfhoghlama

Tá sé ríthábhachtach do scoileanna, do mhúinteoirí, do thuismitheoirí agus caomhnóirí agus do dhaltaí fanacht sábháilte i dtimpeallacht na cianfhoghlama. Chun treoir a fháil maidir leis seo, féach *Ciorclán 0074/2020: Cumarsáid/Ardán Teagaisc agus Foghlama* ina bhfuil comhairle le fáil ar úsáid shábháilte agus eiticiúil an idirlín le linn na cianfhoghlama agus sonraí pearsanta a choinneáil slán nuair a bhítear ag obair ón mbaile. Ba chóir do scoileanna a dheimhniú ach go háirithe go mbíonn eolas agus treoir ar fáil óna bPolasaí Úsáid Inghlactha (PUI) do ghníomhaíocht chianfhoghlama agus rannpháirtíocht ar gach bealach.

## Acmhainní

Tá liosta acmhainní úsáideacha curtha ar fáil sna haguisíní chun tacú le hobair scoileanna leanúint leis an ngafacht le daltaí atá i mbaol míbhuntáiste oideachasúil. Baineann na hacmhainní seo le teagasc agus foghlaim agus le sláinte agus folláine dhearfach, agus aistrithe, a chothú. Ní liosta uileghabhálach atá i gceist leis an liosta agus moltar do scoileanna leas a bhaint as a mhéid foinsí eolais agus is féidir chun freastal ar riachtanais a ndaltaí agus ar an gcomhthéacs ar leith atá ann. Nuair a bhítear ag tabhairt faoi réitigh a fháil ar an gcás atá ann faoi láthair, tá deis shuntasach ann do scoileanna eolas a rochtain ó láithreáin ghréasáin a gcomhlachtaí pátrún, na comhlachtaí bainistíochta, gach comhlacht gairmiúil agus teagaisc ábhartha, agus foghlaim óna chéile. Is cóir a thuiscint nach dtugann an Roinn Oideachais faomhadh d'aon uirlisí ná acmhainní seachtracha ar leith.

## Aguisín 1: Doiciméid treoracha atá curtha ar fáil ag an Roinn Oideachais chun tacú le scoileanna 2020/21

| **Bunscoil** ar fáil ag [https://www.gov.ie/ga/foilsiuchan/ar-mbunscoileanna-agus-ar-scoileanna-speisialta-a-athoscailt/](https://www.gov.ie/ga/foilsiuchan/ar-mbunscoileanna-agus-ar-scoileanna-speisialta-a-athoscailt/) | | |
|---|---|---|
|  | **Ag filleadh ar Scoil: Treoir Churaclaim do cheannairí agus do mhúinteoirí bunscoile**<br><br>Iúil 2020 | • Ceapadh an treoir seo chun cuidiú le ceannairí scoile agus le múinteoirí ullmhú don atosú ar an bhfoghlaim ar athoscailt na mbunscoileanna i Meán Fómhair 2020.<br><br>• Tugtar treoir ann maidir le hullmhú don fhilleadh ar scoil, cúrsaí curaclaim chun tacú leis an bhfoghlaim, an teagasc agus an measúnú, breis comhairle agus tacaíochta do scoileanna, agus eolas maidir le leasuithe curaclaim a chur ar sos |
|  | **Leanúnachas Scolaíochta: Ag tacú le daltaí bunscoile atá in an-ardriosca ag COVID-19**<br><br>Lúnasa 2020 | • Cuirtear an treoir seo ar fáil chun tacú le scoileanna soláthar oideachais oiriúnaithe a dhéanamh do dhaltaí nach féidir leo filleadh ar scoil toisc go bhfuil teastasú leighis déanta ina leith go bhfuil siad in an-ardriosca ag COVID-19.<br><br>• Cuideoidh an soláthar oideachais oiriúnaithe seo lena chinntiú gur féidir leis na daltaí seo nasc bríoch a choimeád lena rang agus lena scoil d'fhonn leanúint lena bhfoghlaim go rathúil ón mbaile. Tugtar roghanna ann do scoileanna maidir leis an soláthar seo a éascú, róil agus freagrachtaí na bpáirtithe |

| | | |
|---|---|---|
| | | leasmhara atá i gceist, léargas ar bhunphrionsabail an tsoláthair oiriúnaithe seo agus sonraí maidir le tacaí breise ar fáil do scoileanna. |
|  | **Treoir maidir le Cianfhoghlaim i gComhthéacs COVID-19: Meán Fómhair-Nollaig 2020** | • Sa treoir seo ón Roinn leagtar amach an chaoi iar chóir do scoileanna pleanáil a dhéanamh agus tacú le foghlaim na ndaltaí i roinnt cásanna a d'fhéadfadh tarlú le linn na scoilbhliana 2020/21. Ó tharla nach féidir tuar a dhéanamh maidir leis an méid a bheidh gá le dúnta scoileanna go iomlán nó i bpáirt, b'fhéidir go dtarlóidh sé go molfar do dhuine aonair nó do ghrúpaí daltaí agus múinteoirí féin-aonrú ar roinnt ócáidí le linn na scoilbhliana.<br><br>• Tugtar roinnt cásanna agus samplaí oibrithe ann do leanúnachas na scolaíochta le linn tréimhsí de dhúnadh scoileanna i bpáirt nó go hiomlán. |
| An Roinn Oideachais agus Scileanna<br>Department of Education and Skills<br><br>27 August 2020 | **Treoir Sláinte Poiblí - Litir chuig Scoileanna**<br><br>**27 Lúnasa 2020** | • Sa litir seo, a eisíodh le príomhoidí scoile, tugtar cur síos ar an eolas atá sa cháipéis *Cosán Scoileanna* do Covid-19, ag leagan amach cur chuige na Sláinte Poiblí i dtaca leis an mbainistiú ar chásanna dearbhaithe aonair Covid-19 laistigh de phobal na scoile, agus freisin na prionsabail a bheidh mar bhonn leis an mbainistiú ar ráigeanna nó ráigeanna féideartha agus an straitéid tástála ailínithe laistigh d'áis oideachais. |

## Aguisín 2: Acmhainní Scoile

Is féidir eolas atá eisithe ag an ROS ar theagasc baile cianfhoghlama, fad a leanann an an phaindéim, a rochtain anseo.

### Acmhainní na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

- Tá cur síos ar láithreán gréasáin na CNOS ar raon leathan acmhainní atá oiriúnach do leanaí le riachtanais speisialta oideachais. Tá rannóg nua ar leith ar an láithreán d'acmhainní chun tacú leis an bhfoghlaim sa bhaile le linn an ama seo, lena n-áirítear Acmhainní ar Líne do Mhúinteoirí, Acmhainní ar Líne do Thuismitheoirí agus Aipeanna úsáideacha don úsáid baile. Tá naisc freisin chuig a lán láithreán gréasán úsáideacha chun tuismitheoirí, caomhnóirí agus múinteoirí a threorú i dtreo tacaíochtaí breise ar líne.
- Tá fáil i gcónaí ar ghréasán comhairleoirí CNOS do scoileanna agus do mhúinteoirí trí fhoirm iarratais na CNOS. Cuireann siad tacaíocht agus comhairle ar fáil ar an nguthán agus ar ríomhphost chun tacú le múinteoirí agus le daltaí RSO. Tá an fhoirm anseo.

### Acmhainní na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

- Tá cur síos ar láithreán gréasáin CNOS ar raon leathan acmhainní oiriúnacha do leanaí le riachtanais speisialta oideachais. Tá rannán acmhainní tiomnaithe nua ar an suíomh chun tacú le foghlaim sa bhaile le linn na tréimhse seo a chuimsíonn Acmhainní ar Líne do Mhúinteoirí, Acmhainní ar Líne do Thuismitheoirí agus Aipeanna úsáideacha le húsáid sa bhaile. Tá naisc ann freisin chuig go leor láithreáin ghréasáin oideachais úsáideacha chun tuismitheoirí, caomhnóirí agus múinteoirí a threorú i dtreo tuilleadh tacaíochtaí ar líne.
- Leanann líonra comhairleoirí CNOS ar fáil i gcónaí trí fhoirm iarratais CNOS ar líne chun tacaíocht agus comhairle a sholáthar ar an nguthán agus ar ríomhphost do scoileanna agus do mhúinteoirí daltaí le RSO. Tá an fhoirm ar fáil anseo.

### Acmhainní na Seirbhíse um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí

- Cuireann an SFGM raon acmhainní ar fáil a bhaineann le soláthar do dhaltaí atá i mbaol míbhuntáiste oideachais lena n-áirítear acmhainní litearthachta dírithe ar DEIS agus BTB, agus cláir matamaitice dírithe ar DEIS. Is féidir teacht orthu seo ag na naisc seo a leanas:
  - SFGM – Litearthacht sa Bhaile
  - SFGM – Athghabháil na Matamaitice
  - SFGM – Réidh Socair Déan Mata
- Cuireann rannán leabharlanna ar líne na SFGM raon leabharlanna ar line ar fáil do mhúinteoirí chun téacsanna i mBéarla agus i nGaeilge araon a roinnt thar raon éagsúil leibhéal ag SFGM – Cianfhoghlaim – Leabharlanna digiteacha.

- Cuireann an SFGM acmhainní ar fáil freisin chun tacú le BTB na bunscoile agus tá láithreáin ghréasáin a mholtar chun tacú le BTB ar fáil ag SFGM – BTB (Bunleibhéal).

### Acmhainní don chianfhoghlaim

- Cuireann leathanach gréasáin na Seirbhíse um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM) ar chianfhoghlaim tacaíocht ar fáil do mhúinteoirí le bheith gafa go cianda le foghlaimeoirí. I measc na dtacaíochtaí tá cúrsa tacaíochta ar líne, eolas faoi ardáin, tacaíochtaí cianfhoghlama do Shláinte agus Folláine agus tacaíochtaí cianfhoghlama don Litearthacht.
- Ar láithreán Scoilnet tá acmhainní don chianfhoghlaim agus rochtain sa bhaile. Tá naisc ar fáil freisin chuig seirbhísí tacaíochta na Roinne a bhaineann leis na dúnadh scoileanna.
- Ar láithreán Webwise tá raon acmhainní teagaisc ar fáil chun cuidiú le múinteoirí sábháilteacht idirlín a chomhtháthú sa teagasc agus sa bhfoghlaim mar aon le heolas agus comhairle do thuismitheoirí, caomhnóirí agus leanaí .
- Tá acmhainní ar litearthacht, pleanáil don aistriú pleanála srl. ar fáil ón SNSO sna Treoirlínte, Nodanna agus Bileoga do Thuismitheoirí agus ar a leathanach gréasáin Acmhainní agus Foilseacháin.

### Acmhainní ó fhoilsitheoirí

- Tá rochtain saor in aisce ó Folens dá ríomh-Leabhair agus dá acmhainní go léir.
- Tá rochtain saor in aisce ó CJ Fallon dá ríomh-Leabhair agus dá théacsleabhair go léir.
- Tá rochtain saor in aisce ón Educational Company of Ireland dá ríomh-Leabhair agus dá acmhainní digiteacha go léir.

### Acmhainní léitheoireachta ar líne

- Tá rochtain baile oscailte agus saor in aisce ag gach dalta i bPoblacht na hÉireann ar an gcnuasach ríomh-Leabhar ó World Book Online ag Scoilnet- World Book .
- Tá rochtain saor in aisce á ofrail ag Britannica ar a Phacáiste Eolaíochta agus na Daonnachtaí do gach úsáideoir Scoilnet le linn tréimhse dúnta scoileanna.
- Tá rochtain ag Children's Books Ireland ar ábhair léitheoireachta, treoracha agus liostaí.
- Tá rochtain saor in aisce á sholáthar ag Leabharlanna Éireann, an córas leabharlann náisiúnta, ar ríomh-Leabhair, closleabhair, irisleabhair agus nuachtáin ar líne.
- Tá Amazon ag cur rochtain saor in aisce ar fáil ar leabhair agus ar chlos-scéalta.

### Acmhainní teilifíse

- RTÉ Homeschool Hub, tosaíocht teagaisc do leanaí bunscoile a chlúdaíonn gnéithe de churaclam na bunscoile, agus is féidir iad seo a rochtain ag RTE Learn.
- Cúla 4 ar Scoil, clár scoile trí mheán na Gaeilge do leanaí bunscoile a chlúdaíonn gnéithe de churaclam na bunscoile, agus is féidir iad seo a rochtain ag TG4 Cúla 4. Bíonn raon clár agus comórtas ar fáil go laethúil ar TG4 Cúla 4.
- Tá World news, atá ar fáil ina lán teangacha ón BBC, mar acmhainn do dhaltaí BTB.

## Acmhainní ginearálta ar líne

- National Geographic Kids – tá raon físeán, cluichí agus quizeanna anseo a bhaineann le Stair, Tír Eolaíocht agus Eolaíocht.
- Dorling Kindersley tá fáil anseo ar fhíseáin, fíricí taitneamhacha agus quizeanna ar raon topaicí, go háirithe sa réimse OSIE.
- Starfall atá ar fáil mar láithreán gréasáin agus mar aip, ina bhfuil cluichí agus scéalta chun tacú le fónaic agus léitheoireacht a fhoghlaim. Tá sé thar a bheith úséideach ó Naíonáin Shóisir go Rang a hAon.
- Teach Your Monster to Read, atá ar fáil mar láithreán gréasáin agus mar aip, ina gcuirtear tacaíocht ar fáil do leanaí agus iad ag foghlaim conas léamh.
- GoNoodle a chuireann físeáin le damhsaí, cleachtaí agus gníomhaíochtaí fisiceacha ar fáil. Úsáideann scoileanna é seo chun leanaí a choimeád gníomhach.
- Matific a bhfuil rochtain ar líne saor in aisce á ofráil acu ar feadh 60 lá dá n-acmhainní digiteacha Matamaitice do bhunscoileanna.
- Ar láithreán gréasáin na n-amharcealaíona I Am An Artist tá fáil ar ghearrfhíseáin, scannáin, ceachtanna agus tionscnaimh do dhaltaí bunscoile.

## Aguisín 3: Sláinte agus folláine dhearfach a chothú

- Tá eolas luachmhar ar fáil ar láithreán na Seirbhíse Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (SNSO) do scoileanna agus do theaghlaigh chun leanaí agus daoine óga a choinneáil folláin i rith Covid-19.
- Cuireann Seirbhís Tacaíochta Oideachais Tusla (TESS) eolas tábhachtach ar fáil do scoileanna, tuismitheoirí agus caomhnóirí agus daoine óga.
- Ar leathanach gréasáin na FSS YourMentalHealth website tá fáil ar eolas agus ar threorú chuig na tacaíochtaí agus na seirbhísí meabhairshláinte uile atá á sholáthar go náisiúnta agus go háitiúil ag an FSS agus ag na páirtithe atá maoinithe aige.
- Ar leathanach gréasáin na FSS Mental Health Supports and Services during COVID-19 tá sonraí ar fáil faoi na soláthraithe seirbhíse a bhfuil tacaíochtaí meabhairshláinte á ofráil ar líne agus ar an nguthán le linn na géarchéime reatha. Tá liosta de raon seirbhísí agus acmhainní ann chun cuidiú le daoine óga déileáil le deacrachtaí agus iad féin a láimhseáil le linn na géarchéime reatha. Tá teagmhálacha do Jigsaw; BeLong To; Reach Out; Spunout; Barnardos, Childline srl. ar an liosta. Tá sonraí ar an leathanach gréasáin freisin d'aipeanna soghluaiste ar féidir iad a úsáid chun imní a bhainistiú.
- Tá Fóram Freagartha Pobail bunaithe ag na húdaráis áitiúla (comhairlí) chun tacaíochtaí pobail bainteach le Covid-19 a chomhordú. Mar chuid de seo, tá gach údarás áitiúil tar éis líne chuiditheach a bhunú anois atá liostáilte ar gov.ie: agus is féidir le daoine leochaileacha glaoch air má bhíonn seirbhísí bunúsacha á lorg acu nó más gá bia nó béilí a sholáthar, nó má tá gá le córas iompair do thurais atá riachtanach.
- Dírítear aird mhúinteoirí ar Chlár Cúnaimh agus Folláine na Roinne. Tá na sonraí ar fáil ag an nasc seo a leanas: Clár Cúnaimh agus Folláine d'Fhostaithe